# Ráitis Chuntas na bPáirtithe Polaitíochta

# 2018

*Tuarascáil chuig Cathaoirleach Dháil Éireann de bhun alt 88(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú*

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**18 Sráid Líosain Íochtarach**
**Baile Átha Cliath 2**

**Teileafón: (01) 6395666**
**Ríomhphost: sipo@sipo.ie**
**Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie**
**Twitter: @SIPOCIreland**

Deireadh Fómhair 2019

# Brollach

Tá áthas orm an tuarascáil seo a thabhairt don Cheann Comhairle (Cathaoirleach Dháil Éireann) de réir alt 88(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú (an tAcht). Pléitear sa tuarascáil seo leis na ráitis chuntas agus na tuarascálacha iniúchóra i ndáil leis an mbliain 2018 a thug páirtithe polaitíochta don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) de bhun alt 87(1) den Acht.

______________________

An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe
Cathaoirleach

Deireadh Fómhair 2019

# Caibidil 1 Réamhrá

Foráiltear leis an Acht Toghcháin, 1997, arna leasú leis an Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2012 (an tAcht) do nochtadh cuntas ag páirtithe polaitíochta. Déantar foráil leis freisin do thaifid chuntasaíochta a choimeád atá mar bhonn faoi na cuntais sin. Tugtar faisnéis sa tuarascáil seo faoi chuntais a nochtadh sa bhliain 2018.

Ceanglaítear leis an Acht go gcloíonn na cuntais leis na ceanglais a bhforáiltear dóibh sna treoirlínte arna n-eisiúint ag an gCoimisiún ó thaobh foirme agus ábhair de.

De réir cheanglais an Achta, tabharfar cóip den tuarascáil seo do Chathaoirleach Dháil Éireann agus don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

# Caibidil 2 Cuntais arna dtabhairt ag páirtithe polaitíochta

Bhí naoi bpáirtí polaitíochta dhéag ar Chlár na bPáirtithe Polaitíochta sa bhliain 2018.

## Treoirlínte do Pháirtithe Polaitíochta

D'fhoilsigh an Coimisiún Treoirlínte dar teideal **Ráiteas Cuntas Bliantúil: Treoirlínte do Pháirtithe Polaitíochta** (na Treoirlínte) i mí na Nollag 2014 mar threoir phraiticiúil do pháirtithe polaitíochta maidir le ceanglais an Achta a chomhlíonadh.

Bunaithe ar an taithí phraiticiúil a gnóthaíodh ar an Acht a riar san idirthréimhse, rinneadh na treoirlínte a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ina dhiaidh sin. D'fhormheas an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an leagan athbhreithnithe de na treoirlínte. Foilsíodh é in Iris Oifigiúil i mí Iúil 2017.

## Athbhreithniú ar Ráitis Chuntas

Ceanglaíodh ar pháirtithe a ráitis chuntas agus a dtuarascálacha iniúchóra a thabhairt don Choimisiún faoin 30 Meitheamh 2019.

Bhreithnigh an Coimisiún gach ceann de na ráitis chuntas a cuireadh isteach, ag féachaint don Acht agus do na Treoirlínte. Tarraingíodh roinnt ceisteanna i ndáil leis na ráitis chuntas a fuarthas agus tugadh deis do na páirtithe freagra a thabhairt ar na ceisteanna sin. I gcás gur dhéileáil na páirtithe go sásúil leis na ceisteanna a tarraingíodh anuas, deimhníonn an Coimisiún gur chomhlíon siad an reachtaíocht agus na Treoirlínte.

Léirítear i dTábla 1 an toradh ar athbhreithniú an Choimisiúin ar chomhlíonadh cheanglais an Achta i measc na bpáirtithe.

## Tábla 1 – Comhlíonadh cheanglais an Achta Toghcháin maidir le nochtadh ráiteas cuntas bliantúil i measc páirtithe polaitíochta cláraithe

| Stádas na ráiteas cuntas 2018 | Ainm an pháirtí polaitíochta |
|---|---|
| **Comhlíontach** | Fianna Fáil |
| | Fine Gael |
| | An Comhaontas Glas |
| | Neamhspleáigh ar son an Athraithe |
| | Comhaontas Neamhspleách Chiarraí |
| | Páirtí an Lucht Oibre |
| | Renua Éireann |
| | Sinn Féin |
| | Na Daonlathaithe Sóisialta |
| | Dlúthpháirtíocht – Pobal roimh Bhrabús |
| **Neamhchomhlíontach** | Páirtí Cumannach na hÉireann |
| | Daonlathas Duitse in Éirinn |
| | Comhaontas Dhínit an Duine * |
| | Páirtí na nDaoine Aontaithe |
| | An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe |
| **Ní bhfuarthas cuntas ar bith** | Fís Nua |
| | Aitheantas Éire |
| | An Páirtí Daonlathach Éireannach |
| | Páirtí na nOibrithe |

* Chláraigh Comhaontas Dhínit an Duine le Clár na bPáirtithe Polaitíochta an 23 Iúil 2018.

## Ráitis Chuntas Chomhlíontacha

Meastar ráitis chuntas a bheith comhlíontach i gcás gur chomhlíon an páirtí an reachtaíocht agus na Treoirlínte agus gur dhéileáil sé go leordhóthanach le ceist ar bith a chuir an Coimisiún. Foilsíodh ráitis chomhlíontacha ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin.

## Nótaí Ginearálta

Tá miondifríochtaí ann idir an "Ráiteas faoi Fhreagrachtaí" a chuir roinnt páirtithe ar fáil agus an teimpléad atá ceangailte leis na Treoirlínte. Rinne an Coimisiún

neamhaird díobh sin ar an mbonn gur ghlac na páirtithe go léir leis na príomhfhreagrachtaí atá orthu mar ullmhaitheoirí cuntas.

Ní thugtar dearbhú follasach i roinnt de na deimhnithe iniúchóireachta gur deimhin leis na hiniúchóirí go bhfuil na cuntais ag teacht leis an "bhfaisnéis eile" atá ceangailte leis na cuntais e.g. an ráiteas forbhreathnaithe agus an Tuarascáil Feidhmiúcháin. Níor luaigh an Coimisiún an tsaincheist leis na páirtithe mar nach bhfuil aon fhaisnéis airgeadais ann san "fhaisnéis eile", tríd is tríd. Fiú dá bhfaighfí dearbhú ó iniúchóir maidir le comhsheasmhacht ina leith sin, ní thabharfaí ach beagán dearbhaithe do dhuine a léann na cuntais, dá dtabharfaí dearbhú ar bith don duine sin.

## Ráitis Chuntas Neamhchomhlíontacha

Thug na páirtithe seo a leanas ráitis nach raibh ag comhlíonadh na dtreoirlínte:

- *Páirtí Cumannach na hÉireann*
  Tháirg an páirtí ráiteas atá san fhormáid a éilítear sa reachtaíocht den chuid is mó. Níl a bhfuil sa ráiteas comhsheasmhach ach is amhlaidh, toisc go bhfuil sé neamhiniúchta, nach bhfuil sé ag comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta agus nár scrúdaigh mé go mion é.

- *Daonlathas Duitse in Éirinn*
  Nochtar i ráiteas a fuarthas ón bpáirtí nach raibh ach líon fíorbheag idirbheart airgeadais ag an bpáirtí sa bhliain. Níl an ráiteas san fhormáid a éilítear sna Treoirlínte agus níl sé iniúchta ach oiread. Dá réir sin, níor chomhlíon an páirtí ceanglais na reachtaíochta.

- *Comhaontas Dhínit an Duine*
  Tháirg an páirtí ráiteas atá san fhormáid a éilítear. Cuirtear in iúl ann nach raibh aon idirbhearta airgeadais ag an bpáirtí sa tréimhse. Luaitear sna nótaí leis an ráiteas cuntas gurb amhlaidh, amhail an 31 Nollaig 2018, nár oscail an páirtí aon chuntais agus nach bhfuair sé aon airgead. Ós rud é go bhfuil an ráiteas neamhiniúchta, níl sé ag comhlíonadh na reachtaíochta.

- *Páirtí na nDaoine Aontaithe*
  Fuarthas tacar ráiteas. Ní nochtar aon idirbhearta airgeadais sna ráitis sin, áfach. Chuir an páirtí in iúl nárbh ann d'aon idirbhearta airgeadais sa tréimhse.

- *An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe*
  Fuarthas ráiteas neamhiniúchta faoi ioncam agus speansais.

Féadfaidh an Coimisiún, de réir alt 86(4) den Acht, feidhmiú a dhéanamh ar a lánrogha iniúchóir poiblí a cheapadh chun aon chuntais neamhiniúchta a iniúchadh. Mar gheall ar an bhfíric gur ó pháirtithe nach bhfaigheann maoiniú ón Státchiste

faoin Acht Toghcháin a bhí na cuntais neamhiniúchta agus tar éis dó a bhreithniú cé acu a bhí sé nó nach raibh sé le leas an phobail na hacmhainní riachtanacha a dhéanamh chun tabhairt faoi iniúchadh den sórt sin, chinn an Coimisiún nach n-iarrfadh sé iniúchadh ar na ráitis ábhartha.

Cé nach bhfuil siad comhlíontach chun críocha an Achta, rinneadh na ráitis a fuarthas a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.

## Ní bhFuarthas Ráiteas Cuntas ar Bith

Níor thug ceithre pháirtí chláraithe ráitis chuntas don Choimisiún. Dá bhrí sin, níl siad ag comhlíonadh cheanglais na nAchtanna.

- *Fís Nua*
  Ní bhfuarthas ráiteas ar bith. Luaigh an páirtí nach nglacann sé le síntiúis pholaitíochta agus nach ngearrann sé táillí ballraíochta ach oiread.

- *Aitheantas Éire*
  Ní bhfuarthas ráiteas ar bith. Chuir an páirtí in iúl nach gcoimeádann sé aon chuntais airgeadais.

- *An Páirtí Daonlathach Éireannach*
  Ní bhfuarthas ráiteas ar bith.  Chuir an páirtí in iúl nach bhfuair sé aon síntiúis de chineál ar bith. Mar a bhí amhlaidh anuraidh, ní raibh an páirtí in ann iniúchadh gairmiúil ar a chuntais a iarraidh mar gheall ar an iarmhéid beag a bhí aige ina chuntais.

- *Páirtí na nOibrithe*
  Ní bhfuarthas ráiteas ar bith.

# Caibidil 3 Moltaí

Baineann an tuarascáil seo leis an tríú bliain atá ceangal ar pháirtithe polaitíochta ráitis chuntas a thabhairt don Choimisiún. Mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo, tháinig fadhbanna aníos nach rabhthas ag súil leo nuair a bhí an reachtaíocht á dréachtú.

Níl roinnt páirtithe ag comhlíonadh cheanglais an Achta agus na dTreoirlínte. Thuairiscigh roinnt de na páirtithe beaga atá faoi réir an Achta nach raibh ioncam ar bith acu sa bhliain 2018. Ní fhaigheann na páirtithe polaitíochta sin maoiniú ar bith ón Státchiste.

Mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo, tá an Coimisiún den tuairim fós gurb iomarcach atá an ceanglas atá ar gach páirtí polaitíochta cláraithe ráitis chuntas a thabhairt agus a iarraidh go ndéanfadh iniúchóir poiblí iniúchadh orthu, beag beann ar mhéid an pháirtí nó ar mhéid a ioncaim agus a chaiteachais.  Dá bhrí sin, molann an Coimisiún an athuair go ndéanfaí athbhreithniú ar an reachtaíocht d’fhonn díolúine a dheonú do pháirtithe beaga ón gceanglas ráitis chuntas iniúchta a thabhairt don Choimisiún. Mar shampla, d’fhéadfadh go n-áireofaí leo sin páirtithe nach bhfaigheann maoiniú poiblí ar bith nó na páirtithe sin nach bhfaigheann ach beagán síntiús príobháideach. Tá an Coimisiún den tuairim gur cheart an ceanglas atá ar gach páirtí polaitíochta ráitis chuntas a thabhairt a bheith ann fós ráitis. Measann sé, áfach, nach bhfuil sé riachtanach sna cúinsí sin go ndéantar na ráitis a iniúchadh.

Tugann an Coimisiún dá aire an athuair nach ag teacht lena chéile i gcónaí a bhíonn na ceanglais atá i reachtaíocht eile tuarascálacha airgeadais nó ráitis chuntas a tháirgeadh. Bheadh sé úsáideach na ceanglais tuairiscithe atá sa reachtaíocht ar fad lena bhforáiltear do mhaoiniú stáit do pháirtithe polaitíochta a réiteach ar mhaithe le héascaíocht riaracháin agus le comhleanúnachas reachtach.

## Caibidil 4 Foilsiú Doiciméad Reachtúil

De réir alt 90 den Acht, déanfaidh an Coimisiún, a luaithe is féidir le réasún tar éis ráiteas cuntas bliantúil agus tuarascáil iniúchóra a fháil de bhun alt 87, cóip den ráiteas agus den tuarascáil a chur ar fáil lena n-iniúchadh saor in aisce ag an bpobal ina phríomhoifig le linn gnáthuaireanta oibre agus ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin freisin.

Dá réir sin, chuir an Coimisiún na ráitis chuntas bhliantúla agus na tuarascálacha iniúchóra, mar a luaitear sa tuarascáil seo, ar fáil lena n-iniúchadh agus lena gcóipeáil ag an bpobal ina oifigí ag 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Tá an fhaisnéis ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag www.sipo.ie.